


**Cnuasach Dánta**  
**le**  
**Viktor Jakimovski**  
**(Réamhrá le Marija Makeska)**



**focaileile**  
|||

Co-funded by the  
Creative Europe Programme  
of the European Union



**drugizborovi**  
|||

## Réamhrá le Marija Makeska

Is cúis mhór áthais saothar file ar nós Viktor Jakimovski a léamh, atá furasta a thuiscint, atá an-mhionsonrach agus pointeáilte. Cuireadh i láthair agus tiomsaíodh a shaothar don tionscadal Focail Eile (tionscadal Eorpach a fhaigheann tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach) in earrach agus i samhradh na bliana 2016 i dTír na mBascach leis an sprioc teangacha beaga agus mionlaigh a chur chun cinn, teangacha mar an Mhacadóinis. Cuireadh an tionscadal i gcrích in Donostia/San Sebastian ar feadh dhá mhí agus le linn dó a bheith ag fanacht ansin bhí an deis ag Viktor a fháil amach faoi chultúr agus faoi thraidisiúin na Bascaise, agus a scríobh agus é féin a chur in iúl ar bhealach cruthaitheach.

Is iad na dánta seo a leanas a shaothar agus cuireadh cuid acu i láthair le linn dó a bheith in Donostia. Tá siad álainn agus spéisiúil le léamh, agus is cóir iad a léamh roinnt uaireanta lena thuiscint cad é atá sé ag iarraidh a rá.

Tá “Dathdhall” faoi fhear cailte a mhaireann dathdhall ina sheachmall féin.

Tá “Tá Do Thábla Saor” faoi dhaoine a bhíodh ag ól i gcuideachta a chéile san am a chuaigh thart ach atá scartha anois, agus tá an file ag tabhairt a seanlaethanta suáilceacha chun cuimhne arís.

Is é atá “Faoinár Spéir” an solas a fhanann ar fhíor na spéire tar éis dó éirí dorcha.

Is é atá in “Roimh Bhrionglóid” ná brionglóid faoi shaol níos fearr amach anseo.

Tá “Fearthainn” faoi dheoir fearthainne a thiteann isteach sa bhithsféar le bheith mar chuid de, le beatha dhaonna a bheith aici ann.

Tosaíonn “rialacha (neamh)scríofa” litir úr faoin saol, agus faoin ngrá.

In “Iad Siúd a bhFuil a Fhios Acu, Tá a Fhios Acu” lorgaítear focail, freagraí ar cheisteanna faoin saol.

In “Dún”, deir sé gur cuimhin leis rud éigin ina shaol.

Tá “Thú” faoi rud a ndeir an t-údar faoi gur “fiú é a ghráú” agus atá ina chuid dá shaol féin mar dhuine atá cóngarach.

In “Téimid ar Aghaidh” tráchtar ar leanúint ar aghaidh ag siúl chun tosaigh, is cuma cad iad na tosca.

In “Má Fhiafraíonn Tú Díom Riamh” tá an t-údar ina sheasamh gan bhogadh os comhair duine éigin faoi thost síoraí maidir leis an gceist an bhfuil grá aige don duine seo.

In “Cinniúint – Aislingí” bréagnaíonn sé é féin lena bhfuil dearfach agus diúltach in aislingí agus i gcinniúint.

Is é atá in “Tá Tú Ansin, an Áit a bhFuilim” aisling an údair do dhuine a bhfuil grá aige dóibh agus tá an duine seo gach áit ina aigne choinsiasach agus fhochoinsiasach. Tá an duine seo níos tábhachtaí don údar ná mar a bheadh sé in ann scríobh faoi, mar sin is é sin an fáth nach scríobhann sé aon rud riamh.

## ***AN DATHDHALL***

Ní féidir leis an tost  
smaoineamh a labhairt amach  
níor úsáid mé leabhair dhathúcháin riamh  
ní dhearna mé ach criáin a bhriseadh  
le go gcruthóinn m'fhearúlacht  
seolaim idir dhá thonn  
cónaím i dtrí mhuir  
braithim caillte sa teitheadh  
i bhfad ó shin stad mé de bheith ag lorg na creiche  
is seachmall é mo shaol  
le gur féidir liom teacht slán ó m'anord féin  
tá mo shaol chomh simplí casta sin  
nach bhfuil ach an dá dhath ann

## **TÁ DO THÁBLA SAOR**

Pacaya. Cé a chrothnódh thú  
Nuair a thiocfadh tonna eadrainn  
nuair a ghealfadh laethanta orainn  
nuair a d'imeodh longa  
cé a chaomhnódh cuimhní?  
Arkupe!  
abair na hoícheanta a chaitheamar ansin  
abair na fírinní a d'ólamar ansin!  
Mallacht ar an tír allúrach  
feasta níos mó ná áilleacht.  
tusa, a thug an fhírinne dom,  
conas is féidir thú a scríobh isteach sa dán seo  
nuair nár inis tú d'ainm dom fiú?  
Ní ghlaofainn aon ainm ort,  
Abraidís go bhfuil mé ar mire  
nuair a ghlaeim ort faoi thost.  
A chara ceithre-chosach liom,  
is eol dúinn beirt  
nach féidir le ham na gloiní folmha  
a líonadh  
nó na cinn nua atá lán  
ár ré a thabhairt ar ais.  
Pacaya, Arkupe!  
Arkupe, Pacaya!  
Cosúil liom féin agus an fhírinne  
cosúil le fíon agus filíocht.

## ***FAOINÁR SPÉIR***

Sa solas seo  
caillimid focail  
faoin spéir seo,  
cruthaímid scéalta  
le húdar a thabhairt  
dár mbeithinse.  
Is é an dorchadas  
ár gcumhacht dheireanach  
ár bhfaitíos is mó  
ár n-uas-  
siabhrán  
gurb é a thig ina dhiaidh  
solas nua.  
frithchaitheann fíor na spéire  
an t-am ina bhfuilimid inniu,  
is ionann gach rud atá ann  
agus ár ríocht bheag  
mar a lorgáimid  
go léir ár saoirse féin;  
áit nach bhfuil spiorad agus am  
ach ina n-aon  
a fhad is go bhfuilimid de réir a chéile  
ag cailleadh greama ar ghathanna  
ár gcolainne.

### ***ROIMH BHRIONGLÓIDÍ***

In uaireanta na hoíche  
nuair a ritheann ár bhfuil fuar  
cuimhní, íomhánna, mothúcháin  
In uaireanta na hoíche  
nuair a chaillimid an mhaidin  
ag súil le todhchaí níos fearr  
Nuair a amharcaimid ar an uaireadóir  
agus, go réasúnta socair  
déanaimid gairdeas roimh  
chéad éirí eile na gréine  
Nuair is cuma linn  
cé a bhí ionainn  
nó cé a bheas ionainn  
In uaireanta úd na hoíche  
Ní mhairimid ach don mheandar  
comhairimid leis na réaltaí  
agus an ghealach  
fad soicinde óna chéile  
agus le smaointe póirseáilte sa tsíoraíocht  
mairimid tríd an mbrionglóid  
sula mbíonn sí againn fiú.

## **FEARTHAINN**

An comhartha í  
go bhfuil uaigneas ar na spéartha  
Nó gan í ach ina himeartas  
buile osnádúrtha deora fearthainne –  
cé acu ar dtús a bhainfeadh an talamh amach?  
Greannmhar  
Dá mba dheoir feartainne mise  
Níor mhaith liom riamh  
titim  
agus a bheith mar chuid den anord  
ar a dtugtar *saol daonna*.  
Dá mbeinn i mo dheoir fearthainne  
bheinn mór leis na héin  
agus inairde taobh lena saoirse.

### **rialacha (neamh)scríofa**

Is mian liom tosú

litir shaoil úr.

Ba mhaith liom mo laethanta

a bheith ina bhfilíocht neamhscríofa

atá gach duine in ann a thuiscint.

Ba mhaith liom mo mhaidneacha tosú

le ceannlitir,

agus nuair a thiteann an oíche

agus a bheidh an dorchadas i réim

ar spás

ba mhaith liom gur las mé solas an bhalla

ba mhaith liom gur ghluais mé liom ag sníomhadh

teachtaireachtaí nua grá

faoi mo réalta áidh.

Dá dtabharfá faoi deara, seans,

botún clógrafaíochta

ná bíodh drogall ort an litir

a iompú.

Ansin tá sé scríofa –

Is é an t-aon phrofléitheoir an saol féin.



**Freagairt ar an Tiomnú Leathanach 49**  
**(Iad Siúd a bhFuil a Fhios Acu, Tá a Fhios Acu)**

Dá mbeadh na focail ar eolas agam  
d'fhéadfainn  
an neamhscríofa  
a chruthú...  
Braithim anois folamh taobh istigh  
ar nós an mhic tíre  
ag lorg  
creiche  
Lorgáim na focail  
atá i bhfolach áit éigin in uaigneas.  
Fiú díreach anois, níl a fhios agam fós cá lorgóinn iad.  
B'fhéidir i ndomhan eile  
bheadh stair níos fearr cruthaithe ag an saol?!  
A lán ceisteanna fágtha inár ndiaidh,  
san am doiléir seo –  
cruthaímid ár solas féin.  
Ó a shaoil!  
Nach náireach a fhiafraí:  
Cén fáth ar scar tú ár gcosáin róluath  
nuair a bhí sé i ndán dúinn a bheith inár n-aon?  
Fiú agus sinn inár dhá leath  
scoilte...

## **Dún**

Tá mé i bhfad ró-óg le haghaidh gealltanais mhóra  
a théann do chroí  
ach mar a bheadh cú dílis ann tá tú ag súil liom a bheith.  
Ná déan díom  
bréagphictiúr ar crochadh  
ar an mballa le stróiceadh anuas.  
Bhí, beidh, tá laethanta  
ann  
nach ndéanfaimid dearmad orthu choíche.  
Pléisiúrtha go leor dúinn.  
Ach ag ligean don chinniúint  
mo shaol a phleanáil  
thiontaigh mé i mo dhún  
amanna  
i d'éagmais.

### **Téimid ar Aghaidh**

D'fhéadfaimis corrúair seasamh ar  
bhladhaire the nach stadfaidh de  
bheith ag dó ár gcos.

Ach téimid ar aghaidh,  
mar in éagmais teasa laistigh

beidh ár saol ina

scéal reoite

faoi bhrat ceo

ionas nach féidir linn súil a leagan

ar an áilleacht timpeall orainn

lasmuigh den bhrat tiubh

a chaolaíonn ár ndearcadh.

### **Má Fhiafraíonn Tú Díom Riamh**

Má fhiafraíonn tú díom riamh

Ar ghráigh mé thú riamh

i mo sheasamh a bheinn, go simplí, ag stánadh.

Bhéinn ag stánadh ort, agus i mo cheann

bheadh freagraí éagsúla ag suaitheadh

ach leanfainn ar aghaidh

ag stánadh go ciúin.

Go deimhin...

Níl i mo fhreagra ach ciúnas síoraí.

### **Má Fhiafraíonn Tú Díom Riamh**

Má fhiafraíonn tú díom riamh

Ar ghráigh mé thú riamh

i mo sheasamh a bheinn, go simplí, ag stánadh.

Bhéinn ag stánadh ort, agus i mo cheann

bheadh freagraí éagsúla ag suaitheadh

ach leanfainn ar aghaidh

ag stánadh go ciúin.

Go deimhin...

Níl i mo fhreagra ach ciúnas síoraí.

### **Cinniúint – Aislingí**

Tá aisling againn den sonas  
ach mairimid míshona.

Tá aisling againn den saol  
ach tá án saol ag glao faoi choim ar an mbás inár bhfochair

Tá aisling againn den solas  
ach níl sa solas ach dorchadas.

Tá aisling againn den só  
ach níl sa só ach anó!

Tá aisling againn den Pharthas  
ach tugtar go mistéireach sinn  
os comhair ghéataí lfrinn!

Tá aisling againn den todhchaí  
ach tá anamnacha againn nimhithe le cuimhní!

Cén fáth nach stadaimid go díreach de bheith ag déanamh aislingí?!

### **Tá Tú Ansin, an Áit a bhFuilim**

Anois, ní féidir liom teacht ort  
i measc leathanaigh scríofa  
na filíochta.

Níl aon mheafair díotsa ann,  
ach, hé, ní féidir na rudaí is  
fearr a scríobh síos.

Ní fiú iad a bheith

faoi dheannach agus ligthe i ndearmad ar feadh na mblianta  
ag léitheoir dúthrachtach  
a d'imeodh uait a luaithe is  
a d'iarrfadh a chairde air breith ar dheoch leanna.

Is tusa a dtagann asamsa  
nuair a bhím ar meisce  
agus gach ní amaideach a dhéanaim agus mé stuama.

In amanna, nochtann tú i dtaibhreamh –  
cúis amháin eile

codladh rófhada inniu dála gach lá eile  
agus a bheith ag iarraidh go ndéanfadh an stiúrthóir  
ár radharcna arís uair amháin eile.

Cé mhéad meangadh gáire atá ag teastáil ó dhuine  
le go mbraithfidh siad sona go leor?

I do chuideachta is leor nóiméad amháin  
le mé fhéin a chailleadh in aoibhneas síoraí.

I do chuideachta, níll ciall le díomas  
agus is fánaí ar fad

gach iarracht a dhéanaim

rith ar shiúl uait fiú ar feadh nóiméid.

Is tú an chomhbhá nach n-éilíonn leasú  
le bheith i d'iomlán eisceachtúil fileata.

Is tú mo neamh-chomhfhios, ach is fíorannamh, ar a drochuair,  
a scríobhaim agus mé stuama.